



Central Statistics Office An Phríomh-Oifig Staidrimh

Press Statement Preas Ráiteas

Daonáireamh 2006 – Imleabhar 9 - An Ghaeilge

Beagnach 1.66 milliún duine in ann Gaeilge a labhairt

Sa bhliain 2006 bhí beagnach 1.66 milliún duine 3 bliana d'aois agus níos sine in ann Gaeilge a labhairt i gcomparáid le 1.57 milliún sa bhliain 2002. Má chuirtear é seo in iúl i dtéarmaí céatadán feictear dúinn gur tháinig meath beag ó 42.8% sa bhliain 2002 go 41.9% sa bhliain 2006. Bhí céatadán na mbaineannach (45.3%) a bhí in ann Gaeilge a labhairt níos airde ná céatadán na bhfireannach (38.4%).

Tá an t-eolas seo ar fáil i nDaonáireamh 2006 Imleabhar 9 – An Ghaeilge, a thugann tuilleadh mionsonraí maidir leis an daonáireamh a tógadh ar an 23 Aibreán 2006. Tugann an tuairisc seo na figiúirí deireanacha daonra rangaithe de réir cumas na Gaeilge a labhairt agus minicíocht a labhraítear í do na ranna tíre sonraithe sa tír. (Féach nóta an eagarthóra).

Baineann cumas le haois

An daonra in aois scoile is mó a raibh sé ar a gcumas Gaeilge a labhairt le os cionn dhá thrian de na daoine san aoisghrúpa 10-14 bliana ar thaifead mar ghaeilgeoirí. Thit an figiúr don aoisghrúpa 15-19 bliana siar ó 66.3% go 64.7%.

Titeann an cumas sna haoisghrúpaí díreach tar éis an oideachais a fhágáil ach tagann borradh arís air don aoisghrúpa 45-54 bliana d'aois.

Arís, tá cumas na mbaineannach an Ghaeilge a labhairt níos airde ná cumas na bhfireannach don bhliain 2006 – an difríocht is mó le feiceáil san aoisghrúpa 15-19 bliana.

An Daingean leis féin

De na bailte le daonra de 1,500 nó níos mó sa bhliain 2006, bhí an céatadán ab airde de Ghaeilgeoirí (62.3%) sa Daingean in Iarthar Chiarraí. Mar chéatadán, bhí níos lú gaeilgeoirí i gceantair uirbeacha (39.4%) i gcomparáid le ceantair tuaithe (45.6%).

Beagnach triúr as gach ceathrar a chónaíonn sa Ghaeltacht in ann Gaeilge a labhairt

Gaeilgeoirí a bhí i 70.8% den daonra 3 bliana d'aois agus níos sine sa Ghaeltacht sa bhliain 2006 – síos ó 72.6% sa bhliain 2002. Bhí difríocht i gcéatadán na ngaeilgeoirí le feiceáil sna ceantair éagsúla Gaeltachta. Bhí an céatadán ab airde i gCo Phort Láirge (79.5%) agus ab ísle sa chuid de Ghaeltacht na Gaillimhe atá lonnaithe i gCathair na Gaillimhe (50.7%). Thit céatadán na ngaeilgeoirí i ngach ceantar Gaeltachta, seachas Gaeltachtaí na Mí agus Port Láirge, idir na blianta 2002 agus 2006.

Tuilleadh /...

Múinteoirí ag barr an ranga

I measc na ngrúpaí gairme bhí an líon ab airde gaeilgeoirí i measc Múinteoirí (77.9%), Gardaí (74.1%) agus na hOird Chreidimh (58.8%).

Bhain cumas na Gaeilge a labhairt leis an leibhéal oideachais a bhí bainte amach. Don daonra 15 bliana d'aois agus níos sine bhí difríocht i gcéatadán na ndaoine a raibh Gaeilge acu ó 17.4% i gcás daoine a d'fhág an córas oideachais tar éis na bunscoile, go 54.2% i measc daoine a raibh céim bainte amach acu.

Gaeilgeoir amháin i bhformhór na dteaghlach

Bhí ar a laghad gaeilgeoir amháin i 53.4% de na teaghlaigh phríobháideacha sa bhliain 2006. Sa Ghaeltacht bhí an figiúr seo beagainín os cionn 80%.

Bhí Gaeilge ag an duine a bhí mar dhuine tagartha don teaghlach i mbeagnach dhá theaghlach as gach trí chinn ina raibh cumas na Gaeilge a labhairt sa Stát.

Úsáid na Gaeilge: Labhraíonn milliún duine a bhfuil Gaeilge acu í go hannamh nó ní labhraíonn siad riamh í

Den beagnach 1.66 milliún duine a dúirt go bhfuil Gaeilge acu, ní labhraíonn beagainín os cionn milliún (60%) í riamh nó labhraíonn siad í níos lú ná go seachtainiúil.

485,000 (29.3%) a labhair an teanga ar bhonn laethúil taobh istigh den chóras oideachais. Ach, níor labhair formhór na ndaoine sin (453,000) an Ghaeilge taobh amuigh den chóras oideachais. Beagainín os cionn 72,000 daoine, b'ionann sin agus 4.4% de na gaeilgeoirí ar fad, a labhair Gaeilge go laethúil taobh amuigh den chóras oideachais agus duine as gach ceathrar díobh sin a labhair í freisin go laethúil sa chóras oideachais.

San iomlán labhair 36,500 gaeilgeoirí a bhfuil cónaí sa Ghaeltacht orthu, 56.8% de na gaeilgeoirí ar fad sa Ghaeltacht, an Ghaeilge ar bhonn laethúil ag am an daonáirimh sa bhliain 2006. Labhair 14,000 (38.3%) de na daoine seo a labhair Gaeilge go laethúil í taobh istigh den chóras oideachais amháin.

Níor labhair beagnach 19,500 (30.3%) de na daoine sa Ghaeltacht a bhfuil Gaeilge acu í riamh nó bhíodar á labhairt níos lú ná go seachtainiúil.

Nóta an Eagarthóra

Tá achoimre ag leibhéal Stáit de na sonraí in Imleabhair 1-4, 8, 11 agus 12 de na tuairiscí sonraithe daonáirimh ar fáil san fhoilseachán *Daonáireamh 2006 – Príomhthorthaí Déimeagrafacha*, a foilsíodh ar an 29 Márta 2007. Tá figiúirí don Ghaeilge ag leibhéal geografach níos sonraithe ar fáil san fhoilseachán, Imleabhar 9, atá á fhoilsiú inniu.

Tá na táblaí ar fad a foilsíodh ó Dhaonáireamh 2006 curtha ar fáil ar shuíomh idirlín na POS (www.cso.ie).

Is féidir cóipeanna den fhoilseachán a fháil ach teagmháil a dhéanamh le:

An Phríomh-Oifig Staidrimh, Rannóg Eolais, Bóthar na Sceithe Airde, Corcaigh (021) 453 5011
nó

Oifig Díolta Foilseacháin an Rialtais, Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2.

Praghas: €15.00

Is féidir cóipeanna a íoslódáil freisin ó shuíomh idirlín na POS (féach seoladh thíos).

Le tuilleadh eolais a fháil déan teagmháil le:

An Phríomh-Oifig Staidrimh, Campas Gnó Sord, Bóthar Bhaile Anraí, Sord, Co. Átha Cliath.

Fiosrúcháin an Daonáirimh	(01) 895 1460/61/63/66
Facs:	(01) 895 1399
Ríomh-phost:	census@cso.ie
Idirlíon:	www.cso.ie